

2022

Tuarascáil Bhliantúil

Séanadh

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an eolais sa cháipéis seo a chinntiú, ní ghlacann ÚMICÉ aon fhreagracht ná dliteanas, cibé slí a thiocfadh sé chun cinn, as aon earráid, míchruinneas nó easnamh a tharlaíonn.

Coimeádann ÚMICÉ an ceart aige féin aon bheart a dhéanamh, nó gan beart a dhéanamh, a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir na cáipéise seo.

An Clár Ábhar

STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA	3
EOLAS FÚINN	4
BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2022	5
CAIBIDIL 1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	6
CAIBIDIL 2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS	11
CAIBIDIL 3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA HINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA	14
CAIBIDIL 4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE AIRGEADAIS	17
CAIBIDIL 5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ	20
CAIBIDIL 6: FORFHEIDHMIÚ	23
CAIBIDIL 7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	26
CAIBIDIL 8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL	29
CAIBIDIL 9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR	32
Ráitis Airgeadais 2022 agus Ráitis Chaolmhara	39
Tuarascáil na Stiúrthóirí	40
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	44
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	46
Comptroller and Auditor General Report for presentation to the Houses of the Oireachtas	47
Ráiteas faoi Staid an Airgeadais	50
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	51
Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil	52
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	53
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	54
AGUISÍNÍ	69
GLUAIS	80



Fís

Muinín agus iontaoibh an phobail as iniúchóireacht agus cuntasaíocht ar ardchaighdeán



Misean

Tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach a chothú

Ár gCuid Luachanna



Sármhaitheas

Ár míle dícheall a dhéanamh



Neamhspleáchas


Rialáil a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, oibiachtúil



Ionracas

A bheith iontaofa agus ómósach

Snáitheanna agus Straitéisí





GLACANN ÚMICÉ
CAIGHDEÁIN MAIDIR LE
HINIÚCHÓIREACHT, LE
HEITIC GHAIRMIÚIL AGUS
LE RIALÚ CÁILÍOCHTA
INMHEÁNACH LE
HAGHAIDH INIÚCHÓIRÍ
REACHTÚLA



**6 CHOMHLACHT
CUNTASAÍOCHTA
FHORORDAITHE** (CCF) Á
MAOIRSIÚ, AR COMHLACHTAÍ
CUNTASAÍOCHTA AITHEANTA
(CCAnna) IAD **3 CINN**
ACU FREISIN



43,321

COMHALTA DE CCFanna
SA GHNÓ AGUS SA
CHLEACHTAS



**7 NGNÓLACHT
INIÚCHÓIREACHTA** AR
EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
(ELP), A DHÉANANN
INIÚCHÓIREACHT AR
THART AR 544 ELP

EOLAS FÚINN



1,059

GNÓLACHT
INIÚCHÓIREACHTA
REACHTÚIL
IN ÉIRINN



97 EISITHEOIR AITHEANTA
FAOIN LUCHT SCRÚDAITHE
UM THUAIRISCIÚ AIRGEADAIS,
LENA GCUIMSÍTEAR **23**
EISITHEOIR COTHROMAIS,
10 N-EISITHEOIR CISTÍ
IATA AGUS 64 EISITHEOIR
FIACHAIS

BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2022

Forbraíodh fíis agus misean nua ÚMICÉ

Cuireadh clár oibre 2023–2025 i gcrích

Tugadh cuairteanna maoirseachta ar thrí CCA

Rinneadh athbhreithniú téamach ar dhea-cháil le haghaidh iniúcháirí reachtúla agus gnólachtaí iniúcháireachta reachtúla

Rinneadh scrúdú ar 35 tuairisc airgeadais

D'fhoilsigh eisitheoirí trí fhógra cheartaitheacha i ndiaidh scrúduithe ÚMICÉ

Rinneadh cigireacht ar sheacht ngnólacht iniúcháireachta agus 35 comhad iniúcháireachta

Seoladh nuachtlitir nua faoi chaighdeáin ina dtugtar an nuacht is deireanaí faoi thionscadail iniúcháireachta agus dearbhaithe caighdeán ÚMICÉ agus léiríodh físeáin ghearra eolais/míniúcháin

Comhaontaíodh socraíocht forfheidhmithe amháin

Athdhearadh agus seoladh suíomh gréasáin ÚMICÉ



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDH- MEANNAIGH

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



An Réamhrá

Is í seo an seachtú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid ÚMICÉ ('an tÚdarás'). Is cúis áthais dom í a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, de réir alt 928(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'). In Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, déantar achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás le linn 2022 chun a mhisean a chomhlíonadh. Tugtar níos mó sonraí faoi na gníomhaíochtaí sin sa chuid eile den Tuarascáil seo. Sa Ráiteas seo, tabharfaidh mé breac-chuntas ar an iomaí gníomh straitéiseach a rinne an bord agus ÚMICÉ i gcomhthéacs a shainchúraim chun maoirseacht a dhéanamh ar iniúcháireacht agus cuntasaíocht in Éirinn.

Fís agus misean

Le blianta beaga anuas, chaith ÚMICÉ súil arís ar a cháipéisí bunaidh, ina measc a sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord, a chuid luachanna, agus a chur chuige i leith an chlár oibre. I rith 2022, thug an bord agus foireann ÚMICÉ faoi athbhreithniú ar mhisean ÚMICÉ, agus rinne machnamh freisin ar an gceist ar cheart go mbeadh fís aige le haghaidh na gairme iniúcháireachta agus cuntasaíochta. Trí shraith ceardlann agus comhairliúcháin inmheánacha, shoiléirigh an tÚdarás a chuspóir féin agus d'fhaomh an bord an fhís agus an misean nua go mall in 2022. Tá siad sin inár bhfoilseacháin ar fad anois, agus tugann siad treoir shoiléir don Údarás agus é i mbun a shainchúraim reachtúil. Anois agus an obair sin críochnaithe, déanfaidh an bord athbhreithniú ar an sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord in 2023 arís chun a chinntiú go bhfuil sé fós oiriúnach.

Caidreamh idirnáisiúnta

Lean an tÚdarás ag cur le feabhsú na cáilíochta iniúcháireachta lena phiaraí idirnáisiúnta laistigh de AE (mar chomhalta de CCEFI) agus go domhanda (le IFIAR). Tagann sé sin le straitéis ÚMICÉ a bheith rannpháirteach lenár bpiaraí domhanda, agus tugann sé deis fais agus forbartha freisin d'fhoireann ÚMICÉ.

Ar leibhéal na hEorpa, bhí Éire ina cathaoirleach ar thascfhórsa a rinne athbhreithniú ar rialachán agus treoir na hEorpa maidir le hiniúcháireacht. Ar deireadh, chuir CCEFI aighneacht chuimsitheach faoi bhráid an Choimisiúin inar leagadh amach na príomhthosaíochtaí a d'aontaigh rialálaithe, ina measc ról agus cumhachtaí breisithe do CCEFI chun comhleanúnachas na rialála ar fud na hEorpa a fheabhsú, chomh maith le baint aon bhacainní ar chomhroinnt eolais i measc rialálaithe, soiléiriú ar ról agus rialáil coistí iniúcháireachta agus tacaíocht bhreise do rialálaithe náisiúnta agus iad i mbun a gcuid oibre. Tugadh faoin obair sin ar dtús chun cur le hobair an Choimisiúin ar reachtaíocht na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta. Ar an drochuair, tá an obair sin ar athlár anois ar feitheamh obair shuntasach a chur i gcrích ar leibhéal AE chun tograí inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. Leanfaidh ÚMICÉ ag cur leis an obair sin, trína bhallraíocht sa ghrúpa comhairleach a threoraíonn obair CCEFI chomh maith leis na foghrúpaí ábhartha a thugann cúnamh praiticiúil do chomhaltaí.

Is comhalta de Bhord IFIAR é ÚMICÉ ar feadh téarma ceithre bliana ó 2021 go 2025. Bíonn meascán cruinnithe fíorúla agus fisiciúla i gceist le cruinnithe boird IFIAR, agus tá ÚMICÉ ina

chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Airgeadais freisin. Ghlac foireann ÚMICÉ páirt i gceardlanna cigireachta agus forfheidhmithe in 2022, agus táimid ag súil le tosú ag freastal ar cheardlanna go fisiciúil arís in 2023. Bíonn tairbhe shuntasach ag an rannpháirtíocht sin do ÚMICÉ i leith rialáil gairme domhanda a fheidhmíonn de réir caighdeán dhomhanda.

Athruithe boird

D'éirigh Daniel Sinnott, ainmní na gCoimisinéirí Ioncaim, as mar stiúrthóir i rith na bliana agus tháinig Sandra Davey i gcomharbas air. D'éirigh Brendan Sheridan, ainmní an Bhainc Ceannais, as i rith na bliana freisin agus tháinig Eida Mullins i gcomharbas air. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Daniel agus Brendan as an obair a rinne siad ar an mbord, agus fáilte a chur roimh Sandra agus Eida.

Tuairimí scoir

Is cinnte gur bhraith 2022 mar fhilleadh ar ghnáthchúrsaí oibre le haghaidh ÚMICÉ agus dóibh siúd lena bpléann sé. I measc na n-eintiteas a rialaímid, chomh maith leo siúd a n-oibrímid leo chun tacú le rialáil, eagraíodh teacht le chéile aghaidh ar aghaidh i mbliana nár tharla le fada. Níl aon amhras ach gur eascair athruithe suntasacha ar an gcaoi a n-oibrímid ar fad le chéile as na trí bliana seo caite, ach ag an am céanna léiríodh luach an teachta le chéile go fisiciúil nuair a bhíomar in ann sin a dhéanamh arís. Tá cothromaíocht le baint amach agus, ach oiread le heagraíochtaí eile, déanfaidh ÚMICÉ iarracht an cothromaíocht cheart a bhaint amach ina leith sin.

Chomh maith leis na dúshláin agus na hualaí a chruthaigh an tréimhse sin, ba spreagadh é freisin le haghaidh nuálaíochta, idir nuálaíocht theicniúil agus nuálaíocht phróisis. D'fhorbair ÚMICÉ a bheartas nuálaíochta féin ag a bhfuil tacaíocht ó aonad Forbartha Eagraíochtúla ar leith ach a spreagann a dhaoine. Dá bharr sin, tharla nuálaíocht ina ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus tacaíochta araon, agus cabhraíodh le cultúr a chothú ina mbítear oscailte d'athrú agus smaointeoireacht nua laistigh de ÚMICÉ. Rinne an bord athbhreithniú ar bheartas nuálaíochta an Údaráis, agus tacaíonn sé leis, beartas a chuir ar chumas an Údaráis feidhmiú ar ardleibhéal i gcaitheamh na mblianta dúshlánacha seo caite.

Gach bliain ó thosaigh mé mar chathaoirleach ar bhord ÚMICÉ, tharla forbairt i rialáil iniúcháireachta agus cuntasaíochta agus ar chlú ÚMICÉ. Léiríodh tábhacht ár gcuid oibre le heisiúint na gcaighdeán iniúcháireachta le haghaidh na hÉireann,

tuarascálacha cigireachta iniúchóireachta, tionchar an Bhreathnaithe, forbairt ról ÚMICÉ ar an leibhéal idirnáisiúnta chomh maith lena ról fhadhbunaithe i maoirsiú na gairme cuntasaíochta agus athbhreithniú ar ráitis airgeadais eisitheoirí. Le blianta beaga anuas, chruthaíomar cainéil meán sóisialta chun cur le haimsiú lucht féachana ár gcumarsáide. Tagann sé sin lenár bhfís i leith mhuinín agus iontaobh an phobail as iniúchóireacht agus cuntasaíocht ar ardchaighdeán. Chun an iontaobh sin a chruthú i measc an phobail, caithfidh ÚMICÉ a bheith le feiceáil agus é i mbun a chuid oibre, agus éifeachtach ag cur torthaí na hoibre sin in iúl. Tabharfaidh ár bhfís nua treoir do ÚMICÉ agus é ag forbairt sna blianta amach romhainn.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua mo chomhghleacaithe ar bhord ÚMICÉ i rith 2022. Feidhmímid ar bhealach dúshlánach ach measúil ina mbítear in ann na hábhair a mbíonn an bord freagrach astu a phlé go bríoch. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus a chomhghleacaithe sa Roinn a thacaigh leis an Údarás agus é i mbun a chuid oibre agus lena gcothaímid caidreamh oibre an-dearfach, rud ar cheart aitheantas faoi leith a thabhairt dó. Tá ardmheas i gcónaí ag an mbord ar an bPríomhfheidhmeannach agus an fhoireann ceannaireachta a fhreastalaíonn ar chruinnithe boird freisin, agus déanaimid ár ndícheall tacú leo agus iad a choinneáil cuntasach freisin i gcaitheamh na bliana. Is mian liom chomh maith tréaslú le foireann ÚMICÉ a thugann faoina gcuid oibre go gairmiúil agus go héifeachtach, agus a bhí freisin ag croí na nuálaíochta a bhain leis na ráitis físe agus misin agus an clár nua oibre a fhorbairt, anuas ar ionadaíocht a dhéanamh ar ÚMICÉ in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Agus muid ag breathnú chun cinn chuig todhchaí inbhuanaithe agus na dúshláin agus na deiseanna ar fad a eascróidh as sin, táim muiníneach go mbeidh ÚMICÉ in ann a chion féin a dhéanamh ina iomláine.

Martin Sisk
An Cathaoirleach
25 Aibreán 2023



Chomh maith leis na dúshláin agus na hualaí a chruthaigh an tréimhse sin, ba spreagadh é freisin le haghaidh nuálaíochta, idir nuálaíocht theicniúil agus nuálaíocht phróisis. D'fhorbair ÚMICÉ a bheartas nuálaíochta féin ag a bhfuil tacaíocht ó aonad Forbartha Eagraíochtúla ar leith ach a spreagann a dhaoine.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



An Réamhrá

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo forléargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis in 2022. In 2022, tháinig ÚMICÉ chuig deireadh a chlár oibre trí bliana reatha, agus ag deireadh na bliana, de réir an Achta, ullmhaíodh clár nua agus cuireadh faoi bhráid an Aire é. Leagtar amach gníomhaíochtaí bliantúla ÚMICÉ i bplean gnó a thagann leis na straitéisí, na snáitheanna agus na háisitheoirí sa chlár oibre. Cinntíonn sé sin, chomh maith lenár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, go léiríonn obair ÚMICÉ fíis agus misean ÚMICÉ. Leagtar amach obair an Údaráis chun na spriocanna a luaitear sa phlean gnó a bhaint amach i bpríomhchorp na tuarascála seo. Pléitear freisin sa tuarascáil obair shonrach a rinneadh chun léargas níos iomláine a thabhairt ar an méid a dhéanaimid. Thugamar samplaí i mbliana freisin den chaoi a bhfuil an inbhuanaitheacht tar éis dul i bhfeidhm ar ÚMICÉ cheana féin, ó thaobh na rialála agus na hoibríochta de. Tugtar achoimre ghairid ar an obair sin i m'athbhreithniú.

Príomhghníomhaíochtaí

Eisíonn ÚMICÉ caighdeáin iniúcháireachta agus eiticíúla le haghaidh iniúcháirí reachtúla in Éirinn. Bíonn siad sin bunaithe ar chaighdeáin iniúcháireachta dhomhanda a eisíonn IAASB. Glacann FRC, rialálaí na Ríochta Aontaithe, na caighdeáin sin, agus féadfaidh sé leasuithe a dhéanamh. Is é beartas ÚMICÉ na caighdeáin a eisíonn FRC a mheasúnú i leith a gcomhlíontachta le dlí na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh, agus i leith chomh hoiriúnach agus atá siad do mhargadh na hÉireann. Nuair is gá, leasaíonn ÚMICÉ na caighdeáin sula n-eisítear iad lena gcur i bhfeidhm in Éirinn.

In 2022, d'eisigh ÚMICÉ sé SIR, caighdeáin le haghaidh iniúcháirí a fheidhmíonn mar chuntasóirí tuairiscithe ar chiorcláin infheistíochta. Thug sé faoi chomhairliúchán freisin ar thograí chun CII600 maidir le hiniúcháireachtaí grúpa a athbhreithniú, agus bhí dul chun cinn maith déanta ar an obair sin faoi dheireadh na bliana. Mar chuid dá ghníomhaíochtaí ardaithe feasachta, sheol sé nuachtlitir agus sraith físeáin oideachais (a ndearnadh poiblíocht orthu ar na meáin shóisialta) ar chúrsaí tráthúla a bhain le caighdeáin iniúcháireachta.

Maoirsíonn ÚMICÉ gníomhaíochtaí rialála áirithe de na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe (CCFanna) ar fad, ina measc na comhlachtaí sin a aithnítear chun gur féidir lena gcomhaltaí cur isteach ar bhallaíocht i gclár na n-iniúcháirí reachtúla (CCAnna). Bíonn CCAnna faoi réir rialáil níos cuimsithí de réir reachtaíocht AE.

Tá cur chuige struchtúrtha ag ÚMICÉ i leith an chaoi a rialálann sé gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí cuntasaíochta, agus in 2022 thug sé faoi shraith athbhreithnithe rialála ar an gcaoi a gceadúnaíonn agus a bhfaomhann na comhlachtaí sin a gcomhaltaí mar iniúcháirí. Anuas air sin, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú téamach, in Éirinn agus ar fud AE trí CCEFI, ar thuiscint agus cur i bhfeidhm an cheanglais dea-cháile le haghaidh iniúcháirí faoi dhlí AE. Agus d'eisíomar treoirlínte maidir leis an gcaoi a dtugann comhlachtaí faoi dhearbhu cáilíochta a gcomhaltaí. Tá an tÚdarás ag obair faoi láthair ar threoirlínte maidir le faomhadh agus ceadúnú, agus súil aige iad a eisiúint in 2023.

Athbhreithníonn ÚMICÉ tuarascálacha corparáideacha eintiteas agus cistí liostáilte áirithe faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Thrédhearcacht, agus in 2022 scrúdaigh sé 32 tuarascáil bhliantúil agus trí thuarascáil leathbhliantúla. Ag eascairt as an ngníomhaíocht rialála sin, fuair sé gealltanais ó 15 eisisitheoir, a thug 49 gealltanais san iomlán, a d'éiligh leasuithe ar a dtuairiscithe amach anseo. Tá sé de chumhacht freisin ag ÚMICÉ a éileamh ar eintitis fógraí ceartaitheacha poiblí a eisiúint, ina gcuirtear in iúl don mhargadh go raibh fadhbanna le tuarascálacha a gcreideann an tÚdarás a chaithfead a nochtadh. Eisíodh trí fhógra dá leithéid in 2022. Is réimse shuntasach rannpháirtíochta fós iad bearta feidhmíochta malartacha (i.e. tuairisciú ar fheidhmíocht nach bhfuil de réir agus/nó réitithe i gceart leis an bhfeidhmíocht mar a thomhaistear í faoi na caighdeáin tuairiscithe airgeadais). Ach d'aithin ÚMICÉ fadhbanna freisin a bhain le riosca inbhuanaitheachta agus athruithe aeráide, agus d'eisigh sé páipéar faoi sin i measc na bpáipéar a eisíodh in 2022. Ar leibhéal na hEorpa, chabhraigh ÚMICÉ le ESMA ina athbhreithniú ar dhréacht-Chaighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaine a d'eisigh EFRAG.

Leanadh le cigireacht an Údaráis ar ghnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna in 2022. Rialálann ÚMICÉ seacht ngnólacht iniúcháireachta go díreach anois ar an gcaoi sin. Roghnaíonn ÚMICÉ sampla de bheartais ar fud an ghnólachta a bhaineann le cáilíocht iniúcháireachta de réir clár foriomlán a comhaontaítear lena phiaraí Eorpacha, agus déanann sé athbhreithniú freisin ar shampla de chomhaid iniúcháireachta ELP ar leith chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht iniúcháireachta i gcleachtas. D'athbhreithnigh an tÚdarás sampla de 35 comhad iniúcháireachta sna gnólachtaí sin i rith na bliana. Léiríonn torthaí na hoibre sin leibhéal sách ard (i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta) de cháilíocht iniúcháireachta, agus sonraíodh go raibh 89% díobh siúd a measúnúadh ar chaighdeán maith. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt fadhbanna i mbeartais ar fud an ghnólachta a fuair an rátáil thromchúiseach is airde. Eisíonn ÚMICÉ moltaí a chaithfead a chur i bhfeidhm laistigh de 12 mhí, agus mura gcuirtear i bhfeidhm iad osclaíonn sé cás forfheidhmíthe. I rith 2022, chuireamar fáilte ar ais roimh ár gcomhghleacaithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, PCAOB, i ndiaidh bearna trí bliana.

Is é PCAOB a rialálann gnólachtaí áirithe toisc go ndéanann sé iniúchadh ar eintitis a liostaítear i SAM, ach caithfear an rialáil sin a dhéanamh i gcomhar le ÚMICÉ. Reáchtáil ÚMICÉ a sheisiún eolais don choiste iniúcháireachta i mí Dheireadh Fómhair, seisiún a tharlaíonn gach bliain anois. Leanamar freisin lenár gcuid oibre i measc an iliomad foghrúpaí agus tascfhórsaí ag CCEFI agus in IFIAR.

Ó thaobh an fhorfheidhmithe de, bhí an tÚdarás fós gnóthach in 2022. Cuireadh comhaontú socraíochta amháin i gcrích a bhain le mainneachtain CCF cloí le nósanna imeachta agus é ag tabhairt faoi imscrúdú ar cheann dá chomhaltaí. Ag deireadh na bliana, bhí ÚMICÉ ag fiosrú sé chás lena chumhachtaí faoi alt 934 den Acht. Léiríonn sé sin an líon is airde cásanna oscailte i stair an Údaráis. Táthar ag súil go dtiocfaidh comhaontuithe socraíochta as formhór na gcásanna sin. Rinne abhcóide forfheidhmithe sinsearach ÚMICÉ cur i láthair ag roinnt fóraim idirnáisiúnta faoi éachtaí ÚMICÉ mar rialála beag i gcásanna forfheidhmithe a chur i gcrích go sásúil.

Cuireann aonad seirbhísí corparáideacha ÚMICÉ raon feidhmeanna tacaíochta ar fáil don Údarás ionas gur féidir leis feidhmiú go héifeachtach. Éilíonn beartas oibre solúbtha ÚMICÉ córas slán TFC ardchaighdeáin agus táthar i mbun infheistíocht leanúnach chun a chinntiú go bhfanann sé sin amhlaidh. D'fhorbair an t-aonad beartais agus nósanna imeachta freisin chun an beartas oibre cumaisc faoina bhfeidhmíonn an tÚdarás anois a leabú tuilleadh. Sheol ÚMICÉ a shuíomh gréasáin nua ag deireadh na bliana, agus tá an t-aonad seirbhísí corparáideacha freagrach as slándáil agus cothabháil an tsuímh.

Sanntar freagracht as gníomhaíochtaí ilréimsiúla, nuálaíocht agus feabhas leanúnach ar an Aonad Forbartha Eagraíochtúla. Áiríodh le forbairtí 2022 straitéis nua folláine agus córais foghlama agus forbartha, agus comhtháthú breise ár gcuid luachanna inár n-obair leanúnach. D'fheabhsaigh ÚMICÉ a lorg ar na meáin shóisialta freisin, agus ábhar nua ar LinkedIn agus YouTube á bhforbairt ar fud an Údaráis. Thacaigh an t-aonad sin freisin le nuálaíocht inár bpróisis rialála agus oibríochtúla, agus stiúir sé forbairt fhís agus mhisean nua an Údaráis.

Tuairimí scoir

Leagtar amach sa chuid eile den tuarascáil seo raon iomlán ghníomhaíochtaí ÚMICÉ in 2022. Clúdaíonn sainchúram ÚMICÉ raon leathan gníomhaíochtaí rialála, a chumhdaíonn os cionn 40,000 cuntasóir, seacht gcinn de na gnólachtaí iniúcháireachta is mó sa tír agus beagnach 100 eintiteas corparáideach. Tugtar faoin obair sin ar fad de réir riachtanais dhlíthiúla agus bunaithe ar mheasúnú riosca sonrach chun tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach a chothú. Is ráiteas soiléir é misean nua ÚMICÉ ar a raibh ag croí obair an Údaráis i gcónaí.

Táimid ag feidhmiú anois i dtimpeallacht a d'athraigh go mór le trí bliana anuas. Cuirfidh riachtanais na hinbhuanaitheachta níos mó éiginnteachta agus dúshlán lenár gcuid oibre. Mar eagraíocht, déanann ÚMICÉ iarracht feidhmiú ar na leibhéil

cáilíochta is airde chun clú na hÉireann mar áit mhaith don ghnó a fheabhsú agus tacú leis. Aithnítear go forleathan go bhfuil timpeallacht rialála éifeachtach ar féidir brath uirthi ar cheann de na príomhghnéithe chun an clú sin a chothú. Is tírdhreacha idirnáisiúnta iad fiontraíocht agus rialáil, áit a gcaithfidh ÚMICÉ a bheith infheicthe agus éifeachtach. Feidhmíonn ÚMICÉ i dtimpeallacht tallainne atá thar a bheith iomaíoch freisin. Bíonn an-mheas ar ár ndaoine as a saineolas ach freisin mar gheall ar a ngairmiúlacht agus a gcumas feidhmiú ar an leibhéal is airde sa bhaile agus thar lear. Mar Phríomhfheidhmeannach, ar cheann de na príomhchúraimí atá agam tá eagraíocht a thógáil ina mbíonn rath orthu, bíodh is gur laistigh de pharaiméadair gníomhaireachta stáit ag a bhfuil líon beag comhaltaí foirne i gcomparáid le heagraíochtaí eile a dhéantar sin. Bhí ár gcumas iarrthóirí ardchaighdeáin a mhealladh chun folúntais a tháinig chun cinn san Údarás in 2022 a líonadh ar cheann dár n-éachtaí ba mhó a bhfuil mé bródúil astu. Tá an t-ádh ar ÚMICÉ go bhfuil foireann againn a léiríonn ár gcuid luachanna – neamhspleáchas, sármhaitheas agus ionracas – i gcaitheamh a gcuid oibre laethúla. Déanann siad ar fad i bhfad níos mó ná a bpost laethúil agus is mar gheall ar a ndíograis agus a dtiomantas siúd go bhfuil an cultúr nuálaíochta agus forbartha, idir phearsanta agus eagraíochtúil, leabaithe anois ar fud na Údaráis. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le bord ÚMICÉ a thugann faoi chúram casta le díograis agus críochnúlacht. Treisíonn ábhar na tuarascála seo dar liom go bhfuil rialáil na gairme i suíomh láidir agus folláin.

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
25 Aibreán 2023



CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS

Caibidil 2: Caighdeáin agus Beartas



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Caighdeán agus Beartais:

- caighdeáin iniúcháireachta, eiticíúla, agus rialaithe cáilíochta a ghlacadh maidir le hiniúcháireacht reachtúil in Éirinn
- cibé treoir agus caighdeáin dearbhaithe a eisiúint a mheasann ÚMICÉ is cuí
- rannchuidiú le forbairt bheartas ÚMICÉ ar ábhair rialála agus eile

2. Forbairtí suntasacha

I ndiaidh comhairliúchán agus rannpháirtíocht phoiblí le rialálaithe eile in Éirinn, ghlac ÚMICÉ sé Chaighdeán maidir le Tuairisciú Infheistíochta (SIR) (Éire) i rith na bliana. Tá na caighdeáin i bhfeidhm le haghaidh tuairisciú ar rannpháirtíochtaí cuntasóra a thosaíonn ar nó tar éis an 15 Meán Fómhair 2022.

Thug ÚMICÉ 21 CII (Éire) cothrom le dáta freisin chun leasuithe comhréireacha a léiriú de bharr CII (Éire) 315 (nuashonraithe 2020), Na Rioscaí a bhaineann le Míríteas Ábhartha a Aithint agus a Mheasúnú.

Leagtar amach in Aguisín V liosta iomlán de na caighdeáin leasaithe.

Anuas air sin, rinne ÚMICÉ comhairliúchán ar a thogra chun CII (Éire) 600: Iniúchtaí Cúinsí Speisialta ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (lena n-áirítear Obair Iniúcháirí Comhpháirte) a leasú agus chun leasuithe comhréireachta gaolmhara a dhéanamh ar chaighdeáin eile. Bhí ÚMICÉ i mbun machnamh ar na freagraí a fuarthas ar an gcomhairliúchán ag deireadh na bliana.

Mar chomhlánú ar pháipéir chomhairliúcháin agus aiseolais a bhaineann le caighdeáin iniúcháireachta agus dearbhaithe a eisíodh i rith na bliana, léirigh ÚMICÉ físeáin faisnéise ghearra. Is é is cuspóir leo forléargas a thabhairt d'úsáideoirí ar na topaicí a chlúdaítear agus iad a spreagadh chun dul i ngleic níos mó leo leo tré rochtain a fháil ar na doiciméid iomlána ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

I rith 2022, lean ÚMICÉ ar aghaidh ag dul i gcomhairle go gníomhach le piaraí, geallsealbhoirí agus socraitheoirí caighdeán. Áirítear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin breathnóireacht a dhéanamh ag cruinnithe Ghrúpa Comhairleach Teicniúil FRC, páirt a ghlacadh i bhFoghrúpa CCEFI um Chaighdeáin Iniúcháireachta Idirnáisiúnta, rannchuidiú le freagairt CCEFI ar chomhairliúcháin a d'eisigh IAASB agus IESBA, agus a litreacha tráchta féin a eisiúint nuair is iomchuí.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I gcaitheamh na bliana, d'úsáid ÚMICÉ modhanna éagsúla ina rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus chun aird a tharraingt ar fhorbairtí ábhartha don chreat iniúcháireachta in Éirinn, ina measc nuachtlitreacha agus físeáin, le tacaíocht ó phostálacha ar ár suíomh gréasáin agus ár gcainéil meán sóisialta.

Ceaptar nuachtlitreacha ÚMICÉ faoi chaighdeáin chun nuacht agus faisnéis a thabhairt faoi thionscadail caighdeán iniúcháireachta agus dearbhaithe in Éirinn i gcáipéis sholáite. Áirítear leis na topaicí a pléadh caighdeáin a ghlacadh le deireanaí, comhairliúcháin oscailte, caighdeáin iniúcháireachta atá le dul i bhfeidhm go luath agus forbairtí idirnáisiúnta.

Sheol ÚMICÉ sraith físeáin míniúcháin agus bileoga fíricí freisin faoi athruithe suntasacha ar an gcreat iniúcháireachta in Éirinn, a raibh d'aidhm leo eolas agus cúnamh a thabhairt d'iniúcháirí chun impleachtaí na n-athruithe sin a thuiscint. Áiríodh leis sin sraith de chúig físeáin míniúcháin maidir leis an tsraith nua de chaighdeáin bainistíochta cáilíochta atá i bhfeidhm ón 15 Nollaig 2022.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Ghlac comhairle agus parlaimint an Aontais Eorpaigh an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) ag deireadh 2022. Ó 2025, éileofar ar chuideachtaí atá faoi shainchúram CSRD dearbhú a fháil ar a bhfaisnéis inbhuanaitheachta. In Éirinn, is dócha go dtabharfaidh iniúcháir na cuideachta an dearbhú sin.

Murab ionann agus an creat iniúcháireachta, atá seanbhunaithe agus a aithnítear go hidirnáisiúnta, níl aon chaighdeáin a ghlactar go hidirnáisiúnta ann faoi láthair le haghaidh dearbhú eolais inbhuanaitheachta.

Trína rannpháirtíocht CCEFI i rith na bliana, ghlac ÚMICÉ páirt i bpléití le páirtithe leasmhara eile, ina measc na boird a leagann síos caighdeáin idirnáisiúnta maidir lena dtograí chun caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta agus ceanglais eiticíúla ghaolmhara a fhorbairt. Leanfaidh ÚMICÉ ag plé lena chomhghleacaithe Eorpacha chun aghaidh a thabhairt ar an geist sin.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Forbairt CIlInna (Éire) agus treoracha gaolmhara Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh Scaipeadh an dea-chleachtais	→ Eisíodh sé Chaighdeán maidir le Tuairisciú Infheistíochta (Éire) → Óstáladh dhá chruinniú de chuid an Phainéil Chomhairligh Theicniúil → Dearadh agus cruthaíodh rannóg caighdeán an tsuímh gréasáin nua dírithe ar na húsáideoirí
Éisteacht a fháil Nuálaíocht	→ Eisíodh dhá nuachtlitir faoi chaighdeáin → Eisíodh físeáin míniúcháin agus bileoga fíricí chun aird a tharraingt ar athruithe suntasacha ar chreat iniúcháireachta na hÉireann → Eisíodh comhairliúchán a bhain le hathbhreithnithe ar an gcreat iniúcháireachta i rith na bliana agus comhairliúchán a bhain le glacadh SIRanna (Éire). → Rannchuidíodh le forbairt fhreagraí CCEFI ar chomhairliúcháin i leith iniúcháireachta a d'eisigh IAASB agus IESBA → Cuireadh isteach freagra amháin ó ÚMICÉ ar chomhairliúchán de chuid IAASB agus dhá fhreagra uaidh ar chomhairliúchán de chuid IESBA → Cuireadh isteach freagra ar chomhairliúchán AE amháin agus ar chomhairliúchán RFTF amháin



MAOIRSEACHT
AR GHAIM NA
hINIÚCHÓIREACHTA
AGUS NA
CUNTASAÍOCHTA

Caibidil 3: Maoirseacht ar Ghairm na hIniúcháireachta agus na Cuntasaíochta



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta Rialála agus Faireachán:

- maoirsiú a dhéanamh ar an mbealach a rialaíonn na CCFanna a gcuid comhaltaí, lena n-áirítear feidhmiú a bpróiseas imscrúdaithe agus araíonachta
- maoirsiú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na CCAnna na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh maidir leis na hiniúcháirí reachtúla agus na gnólachtaí iniúcháireachta atá formheasta agus cláraithe acu faoin Acht:
 - formheas agus clárú
 - oideachas leanúnach
 - córais dearbhairthe cáilíochta agus
 - córais araíonachta imscrúdaithe agus riaracháin
- comhoibriú lena gcomheagraíochtaí san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile agus le húdaráis eile sa tír seo agus san Aontas Eorpach
- comhairle a chur ar an Aire maidir le hábhair a bhaineann le gairm na cuntasaíochta

Leagtar amach in Aguisín III CCFanna faoi shainchúram ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2022 agus tuarascálacha arna n-eisiúint chuig CCFanna le linn 2022

2. Forbairtí suntasacha

In 2022, thug ÚMICÉ faoi thrí chuairt maoirseachta, a bhain le ceadúnú iniúcháirí reachtúla agus comhlachtaí iniúcháireachta reachtúla, agus chuir sé athbhreithniú deisce i gcrích inar measúnaíodh mapáil cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le hoideachas iniúcháirí ar shiollabais CCAnna.

Chuir an tÚdarás dhá athbhreithniú théamacha i gcrích freisin. Dhírigh an chéad athbhreithniú téamach, '[Good reputation for statutory auditors and audit firms](#)', ar nósanna imeachta CCAnna chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuil dea-cháil ar iniúcháirí agus gnólachtaí iniúcháireachta reachtúla. Dhírigh an dara hathbhreithniú téamach ar na céimeanna tosaigh sa phróiseas chun dul i ngleic le gearáin i measc CCFanna.

D'eisigh an tÚdarás freisin '[Guidelines for Recognised Accountancy Bodies when performing the Quality Assurance function in respect of Statutory Auditors and Audit Firms](#)' le dáta dul i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Is iad na príomhphrionsabail a leagtar amach sna treoirínte dearbhairthe cáilíochta: measúnú neamhspleách a thabhairt ar an ndéantar iniúcháireachtaí reachtúla de réir cheanglais an Chaighdeáin Eiticiúil d'Iniúcháirí (Éire) agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire), ag cinntiú i gcás na n-iniúcháirí agus na ngnólachtaí iniúcháireachta nach gcomhlíonann a bhfeidhmíocht an caighdeán a éilítear go gcuirtear faoi réir bearta tráthúla, comhréireacha agus éifeachtacha iad agus go gcuirtear le muinín an phobail as an ngairm iniúcháireachta

agus a rialáil. Anuas ar na treoirínte dearbhairthe cáilíochta, d'eisigh an tÚdarás leasuithe nuashonraithe ar '[Guidelines on the matters to be considered by the RABs when granting exemptions from one of more of the subjects in the test of theoretical knowledge for approval as a statutory auditor](#)'. Ina theannta sin, i gcaitheamh 2022, bhí an tÚdarás ag obair i gcomhar le CCAnna i dtaobh chur i bhfeidhm '[Guidelines for the RABs on the regulation, monitoring and enforcement of continuing education for statutory auditors](#)' a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2022.

Dhea-cháil le haghaidh iniúcháirí agus gnólachtaí iniúcháireachta reachtúla

In 2022, chuir an tÚdarás athbhreithniú téamach i gcrích ar an gcaoi a sainíonn agus a dtugann CCAnna fianaise ar dhea-cháil i dtaobh iniúcháirí agus gnólachtaí iniúcháireachta reachtúla, chomh maith le tuiscint ar an mbeart a dhéanann CCAnna nuair a chuirtear isteach ar dhea-cháil. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ agus luadh inti go bhfuil roinnt cosúlachtaí i gcuid de na nósanna imeachta a d'úsáid CCAnna cé gur tugadh difríochtaí faoi deara freisin.

Thug an tÚdarás faoi shuirbhé ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhthráth. Léirigh na freagraí ó 20 dlínse go leor difríochtaí sna cuir chuige a glacadh sna dlínsí difriúla. Níor foilsíodh an tuarascáil sin, ach cuireadh i láthair chruinniú iomlánach CCEFI í i mí Iúil 2022.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Bhí an tÚdarás ag obair le gach CCF i gcaitheamh na bliana, ag plé dréachtaí de reachtaíocht CSRD agus ag díriú ar na tionchair fhéideartha le haghaidh CCFanna. Reachtáladh pléití go háirithe maidir leis na ceanglais a bhaineann le hoideachas agus faomhadh iniúcháirí inbhuanaitheachta, chomh maith le faireachán ar iniúcháirí inbhuanaitheachta nuair a fhaomhtar iad. Is féidir iniúcháirí reachtúla atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 a fhaomhadh mar iniúcháirí inbhuanaitheachta ar an gcoinníoll go bhfaigheann siad eolas ar na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta trí oideachas leanúnach. Oibreoidh an tÚdarás le CCAnna, RFTF agus na fóraim Eorpacha éagsúla chun machnamh a dhéanamh ar shonraí sonracha an dearaidh agus an chreidiúnaithe don oideachas leanúnach sin, a bheidh an-dúshlánach toisc go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le cur i gcrích i mí an Mheithimh 2023, nach dtugann ach tréimhse ghairid sé mhí do CCAnna chun é a dhearadh, a sholáthar agus a mheasúnú faoin 1 Eanáir 2024.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Formhaoirseacht ar ghairm na cuntasaíochta	→ Tugadh trí chuairt maoirseachta ar CCAnna → Cuireadh athbhreithniú deisce i gcrích ar an ngné Oideachais de Sceideal 19 d'Acht na gCuideachtaí → Rinneadh breithniú agus moladh i dtaobh 15 bhaisc doiciméad bunreachtúil a fhorghnó → Rinneadh breithniú agus faomhadh ar 12 athnuachan ó Iniúcháirí Tríú Tír (ITT), 1 iarratas nua ITT agus 41 nuashonrú ar fhaomhadh ITT → Freastalaíodh ar thrí chruinniú coiste d'fhoghrúpa CCEFI
Tacú le comhlachtaí cuntasaíochta maidir lena bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh	→ Reáchtáladh cruinniú comhchéime bliantúil lena n-áirítear cuir i láthair ó na haonaid ábhartha in ÚMICÉ agus cur i láthair ó dhá CCF
Scaipeadh an dea-chleachtais	→ Eisíodh 'Próifíl na Gairme' ina soláthraítear sonraí staitistiúla ar ghairm na cuntasaíochta agus na hiniúcháir → Foilsíodh tuarascáil ar céard is dea-cháil ann dar le CCAnna → Cuireadh tuarascáil i láthair CCEFI ar céard is dea-cháil ann dar le 20 ballstát → Rinneadh athbhreithniú téamach ar na céimeanna tosaigh chun dul i ngleic le gearáin i measc CCFanna → Eisíodh treoirlínte rialála maidir le feidhmíocht CCAnna i gcás na feidhme dearbhaithe cáilíochta → Eisíodh treoirlínte nuashonraithe maidir le hábhair atá le breithniú nuair atá díolúintí ó cheanglais ábhar i Sceideal 19 á dtabhairt
Éisteacht a fháil	→ Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear an Roinn, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus FRC maidir le cúrsaí maoirseachta → Rinneadh cur i láthair ag lá oiliúna Choiste Rialála CCFanna, inar tugadh forléargas ar fheidhmeanna ÚMICÉ, an creat Maoirseachta Rialála agus Faireachán, treoirlínte ÚMICÉ agus forbairtí amach anseo, CSRD ina measc → Rinneadh cur i láthair ag imeacht ballraíochta de chuid CCF
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	→ Rinneadh tuilleadh mionchoigeartuithe ar an gcur chuige maoirseachta maidir le formhaoirseacht agus maoirseacht a dhéanamh ar CCFanna



MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE AIRGEADAIS



Caibidil 4: Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais

1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais:

- scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla de chuid eintitis liostaithe áirithe agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair a bhraitear cásanna neamh-chomhlíontachta
- comhoibriú le forfheidhmitheoirí cuntasaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh
- comhoibriú chun caighdeán um thuairisciú airgeadais a fhorbairt
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair chuntasaíochta
- Leagtar amach in Aguisín VII na heisitheoirí ar fad atá laistigh de shainchúram forfheidhmithe cuntasaíochta ÚMICÉ.

2. Forbairtí suntasacha

In 2022, rinne an tÚdarás scrúdú ar 35 tuarascáil airgeadais, arbh éard a bhí iontu 32 tuarascáil airgeadais bhliantúil agus trí tuarascáil airgeadais leathbhliantúla (féach Aguisín II). Sholáthair 15 eisitheoir 49 gealltanais don Údarás chun an tuairisciú a fheabhsú i dtréimhsí sa todhchaí. An réimse ba mhinice inar soláthraíodh gealltanais, bhain sé le tomhais feidhmíochta mhalartacha. Áiríodh le réimsí eile inar tháinig gealltanais chun cinn riosca athraithe aeráide, agus IAS 1 Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais.

D'fhoilsigh trí eisitheoir fógraí ceartaitheacha poiblí a d'eascair as scrúdú ÚMICÉ ar a dtuarascálacha airgeadais.

Anuas air sin, d'fhoilsigh an tÚdarás roinnt páipéar in 2022:

- *Climate-related disclosures in financial reports – IAASA information requests*
- *Observations on selected financial reporting issues – years ending on or after 31 December 2022*
- *Snapshot of IAASA's financial reporting enforcement activities in 2021*
- Foilseachán coimre: *Financial reporting decisions*
- Páipéar Beartais: *Publication of information regarding IAASA's financial reporting supervision activities*

Lean an tÚdarás ar aghaidh leis na pléití iomadúla, tríd an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), lena chomheagraíochtaí Eorpacha, agus ghlac sé páirt i roinnt tascfhórsaí agus foghrúpaí atá bainteach le forfheidhmiú i réimse na cuntasaíochta. In 2022, dhírigh na grúpaí sin ar fhorbairtí domhanda agus Eorpacha sa tuairisciú corparáideach, ina measc an Fhormáid Leictreonach Aonair Eorpach (ESEF), tuairisciú neamhairgeadais, agus inbhuanaitheacht, tuairisciú athraithe aeráide, agus comhairle ar chur ar ESMA maidir leis na dréacht-Chaighdeán Eorpacha um Thuairisciú Inbhuaíne (ESRSanna).

Rannchuidiú le forbairt na gCaighdeán Eorpach um Thuairisciú Inbhuaíne

Ghlac an tÚdarás páirt i gcomhairle ESMA don Ghrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) maidir leis na dréacht-Chaighdeán Eorpacha um Thuairisciú Inbhuaíne (ESRSanna). Ceapadh EFRAG mar chomhairleoir teicniúil an Choimisiúin Eorpaigh i bhforbairt na ndréacht-ESRSanna. Arna iarraidh sin ag EFRAG, thug ESMA faoi mheasúnú ar na dréacht-ESRSanna agus chabhraigh an tÚdarás, i dteannta forfheidhmitheoirí cuntasaíochta Eorpacha eile, le ESMA sa mheasúnú sin. Rinne an tÚdarás machnamh, go háirithe, ar dhá dhréacht-ESRS – ESRS E3 *Uisce agus acmhainní mara*, agus ESRS E4 *Bithéagsúlacht agus éiceachórais*.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Chomh maith le cur le forbairt thuairim ESMA ar na ESRSanna, rinne an tÚdarás machnamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta in go leor dá scrúduithe ar thuarascálacha airgeadais. Thug ÚMICÉ dhá chás chun cinn lena meas go neamhfhoirmiúil i bhfoghrúpa Seisiúin Comhordaithe Forfheidhmitheoirí Eorpacha (EECS) maidir le tuairisciú aeráide. I ngach cás, d'fhógair an t-eisitheoir spriocanna aeráide áirithe go poiblí. Thug ÚMICÉ dúshlán na n-eisitheoirí i dtaobh na mbealaí sonracha a mbainfeadh na spriocanna aeráide sin amach, chomh maith leis an éiginnteacht a bhaineann leis an gcumas na spriocanna a bhaint amach, agus an chuntasaíocht le haghaidh aon tiomantas a eascraíonn astu. D'aontaigh gach eisitheoir nochtaí a fheabhsú ina dtuarascálacha amach anseo.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Athbhreithniú ar an tuairisciú airgeadais	→ Scrúdaíodh 32 tuarascáil bhliantúil → Scrúdaíodh trí thuarascáil leathbhliantúla
Tacú le hardchaighdeán sa tuairisciú airgeadais	→ Glacadh páirt ghníomhach i roinnt fóraim, foghrúpaí agus tascfhórsaí Eorpacha, lena n-áirítear an Buancoiste um Thuairisciú Corparáideach, an Mheitheal um Thuairisciú Inste, an foghrúpa um Athrú Aeráide, agus Tascfhórsa na nInstitiúidí Airgeadais → Glacadh páirt, leis an Roinn, sa Choiste Rialaithe Cuntasaíochta a thugann a thuairim don Choimisiún Eorpach ar thograí lena nglactar IFRSanna
Scaipeadh an dea-chleachtais	→ Foilsíodh coimre de chinntí tuairiscithe airgeadais agus páipéar maidir le nothaí a bhaineann le haeráid
Éisteacht a fháil	→ Foilsíodh Páipéar Beartais Foilseachán leasaithe → Rinne cúig chur i láthair do ghnólachtaí iniúchóireachta, comhlachtaí tionscail agus páirtithe leasmhara eile inar tugadh breac-chuntas ar thuairimí an Údaráis faoi fhorfheidhmiú cuntasaíochta agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán cuntasaíochta i measc eisitheoirí
Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú	→ Rinneadh faireachán ar fhorbairtí ar an bhforfheidhmiú i réimse na cuntasaíochta ar fud an domhain agus ar an leibhéal Eorpach, agus breithníodh na tionchair fhéideartha ar bheartais agus nósanna imeachta ÚMICÉ → Tugadh faoi athbhreithniú 'leathanaigh bháin' ar chleachtais agus próisis an fhorfheidhmithe tuairiscithe airgeadais chun a chinntiú go gcruthaíonn siad bonn d'fhorfheidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach



MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ

Chapter 5: Maoirseacht ar Iniúchtaí ar Eintitis Leasa Phoiblí



1. Príomhfheidhmeanna

Tá Aonad ÚMICÉ um Cháilíocht Iniúcháireachta freagrach as athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar iniúcháirí reachtúla agus gnólaigh iniúcháireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar eintitis leasa phoiblí (ELPanna) in Éirinn.

Trí phríomhfheidhm atá ag an aonad:

- cigireachtaí a dhéanamh ar ghnólaigh iniúcháireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar ELPanna
- comhoibriú le comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh um maoirseacht iniúcháireachta
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair iniúcháireachta

2. Forbairtí suntasacha

In 2022, rinne ÚMICÉ a chúigiú babhta cigireachtaí ar sheacht gcinn de na gnólaigh a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna. Rinne ÚMICÉ cigireacht ar cheithre réimse rialaithe inmheánaigh sna seacht ngnólacht sin. Ba iad na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu:

- eitic agus neamhspleáchas
- glacadh agus buanú
- measúnú comhpháirtí agus cúiteamh
- measúnú foirne agus cúiteamh

Leagtar amach in Aguisín IV na gnólaigh iniúcháireachta a ndearnadh cigireacht orthu in 2022, chomh maith le líon na gcomhad a ndearnadh cigireacht orthu. Mar chuid dá chúigiú babhta cigireachtaí, rinne ÚMICÉ cigireacht freisin ar shampla de 35 iniúchadh ar ELPanna ar fud na seacht ngnólacht a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna. In 2022, sannadh grád 1 nó 2 do 89% de na hiniúchtaí ar ELPanna a rinne na seacht ngnólacht sin, rud a thugann le fios go raibh cáilíocht an iniúchta ar chaighdeán maith. Ba ghá feabhas a chur ar na hiniúchtaí eile. In 2022, i measc na seacht ngnólacht ELP, tharraing ÚMICÉ torthaí anuas freisin sna réimsí ar fad a ndearnadh cigireacht orthu a bhain leis na beartaí agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm don rialú cáilíochta inmheánach. Bhí déine na dtorthaí ó ÚMICÉ sa raon idir buí (míoneasnamh) agus dearg (móreasnamh). I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh ÚMICÉ [tuarascálacha 2022 maidir le hAthbhreithniú um Dhearbhu Cáilíochta](#) le haghaidh na seacht ngnólacht sin a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna.

In 2022, rinne seacht ngnólacht iniúcháireachta iniúchtaí reachtúla ar ELPanna in Éirinn (2021: naoi gcinn). Rinne ceithre cinn de na gnólaigh sin iniúchadh ar 75% (2021: 74%) de na ELPanna in Éirinn, agus thuill siadsan thart ar 87% (2021: 89%) de na táillí i leith ELPanna a iniúchadh.

Comhoibríonn ÚMICÉ le rialálaithe iniúcháireachta idirnáisiúnta chun eolas agus taithí a roinnt, agus chun go mbeidh siad ar aon fhocal ag cur moltaí i bhfeidhm chun cáilíocht iniúcháireachta a fheabhsú. Glacann ÚMICÉ páirt ghníomhach i gCoiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúcháireachta (CCEFI) agus i bhFóram Idirnáisiúnta na Rialálaithe Iniúcháireachta Neamhspleacha (IFIAR). D'aontaigh ÚMICÉ ceardlann cigireachtaí IFIAR a óstáil in 2024 agus chuir sé tús leis an obair ullmhúcháin don imeacht sin.

Ar an leibhéal Eorpach, leanaimid den rannpháirtíocht in CCEFI agus sna foghrúpaí uile. Tá Príomhfheidhmeannach ÚMICÉ ar ghrúpa comhairliúcháin CCEFI, grúpa a thacaíonn le Cathaoirleach CCEFI. D'éirigh ÚMICÉ as ról chathaoirleach an fhoghrúpa Faireacháin Margaigh in 2022, agus ina ionad sin, tá ÚMICÉ ina chathaoirleach anois ar thascfhórsa atá dírithe ar oiliúint éifeachtach do chigirí a aithint agus a chomhordú. Chuaigh ÚMICÉ isteach i bhfoghrúpa teicniúil nua maidir le tuairiscíú inbhuanaitheachta freisin, grúpa a bhíonn ag plé leis an gCoimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ar na bacáin.

In 2022, d'éascaigh ÚMICÉ cigireachtaí an Public Company Accounting Oversight Board ar dhá ghnólacht iniúcháireachta a tháinig faoi shainchúram an rialálaí sin as Stáit Aontaithe Mheiriceá.

I gcomhréir le straitéis ÚMICÉ i dtaobh éisteacht a fháil, d'eagraigh agus tháinig ÚMICÉ [cruinniú faisnéise do choistí iniúcháireachta i mí Dheireadh Fómhair 2022](#). Bhí freastal maith ar an imeacht sin, agus áiríodh leis an seisiún faisnéise an t-eolas is déanaí ó ÚMICÉ ar ábhair a bhaineann le comhaltaí an choiste iniúcháireachta, ina measc tuairiscíú inbhuanaitheachta, digitíú agus an t-eolas rialála is deireanaí.

In 2022, d'fhoilsigh ÚMICÉ ['Auditing related party transactions'](#) mar chuid dá shraith léargas ar chigireacht, inar leagadh amach príomhtheachtairachtaí le haghaidh iniúcháirí agus iad i mbun iniúchadh ar idirbhearta páirtí ghaolmhair.

Cur Chuige Hibride Cigireachta

Ghlac ÚMICÉ le cur chuige hibride cigireachta in 2022 freisin. Is é aidhm an chur chuige sin na buntáistí agus na héifeachtúlachtaí a bhaineann le cianobair a nascadh le láithreacht ar an suíomh nuair is fearr a éascaíonn cur chuige dá leithéid malartú faisnéise le gnólaigh ELPanna. Éascaíonn an cur chuige hibride solúbthacht níos mó le haghaidh chigirí ÚMICÉ agus ghnólaigh ELPanna, agus léirítear níos fearr na cleachtais oibre a forbraíodh le blianta beaga anuas. Cumasaíonn cruinnithe fisiciúla malartú oscailte eolais i leith an réimse rialaithe cáilíochta nó an chomhaid iniúcháireachta atá le hathbhreithniú. Cuirtear leo sin le rochtain chianda ar cháipéisí, ina measc comhaid iniúcháireachta, cruinnithe físe agus ardáin ar líne eile chun rochtain níos fearr a thabhairt do chigirí ÚMICÉ agus an méid acmhainní a theastaíonn ó ghnólaigh ELPanna chun cigireacht a éascú a laghdú.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Thaigh ÚMICÉ le hionadaithe CCEFI a d'oibrigh le forbairt na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta i rith na bliana, chomh maith le cur le forbairt thuairim CCEFI maidir leis na caighdeáin sin. D'oibrigh ÚMICÉ trí CCEFI freisin chun ábhar sonrach a phlé maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta, ina measc an sainmhíniú ar dhearbhu teoranta agus na caighdeáin iniúcháireachta a bheidh ar fáil, leagan amach na gceanglas don obair sin, chomh maith le huainiú na gcaighdeán.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Cigireacht dhíreach ar ghnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna	➔ Rinneadh cigireacht ar sheacht ngnólacht ➔ Rinneadh cigireacht ar 35 iniúchadh ar ELPanna
Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh	➔ Thairg ceardlann cigireachta IFIAR a óstáil in 2024 ➔ Glacadh páirt sa cheannaireacht ar an bhfoghrúpa cigireachta, trína choiste eagraithe, agus i seisiún iomlánach CCEFI, trína ghrúpa comhairliúcháin ➔ Glacadh páirt ghníomhach in dhá thascfhórsa de chuid IFIAR
Scaipeadh an dea-chleachtais	➔ Foilsíodh seacht dtuarascáil ar chigireachtaí
Éisteacht a fháil	➔ Reáchtáladh cruinniú faisnéise do choistí iniúchóireachta ➔ Foilsíodh sraith léargas ar iniúchadh ar idirbhearta páirtí ghaolmhair ➔ Foilsíodh clár iniúchóireachta bliantúil agus tuarascáil gníomhaíochta ➔ Rinneadh cur i láthair ag imeachtaí oiliúna chun príomhthorthaí na cigireachta a chur in iúl
Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú	➔ Cuireadh chun feidhme an Mhodheolaíocht Choiteann um Chigireacht ar Iniúchtaí chun measúnú a dhéanamh ar chórais rialaithe cáilíochta inmheánacha gnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna ➔ Forbraíodh sraith páipéar oibre agus leanadh ar aghaidh á mionchoigeartú chun cigireacht a dhéanamh ar iniúchtaí aonair, agus sonraíochtaí caighdeán iniúchóireachta ar leith á gcur san áireamh chomh maith le hábhair ábhartha a bhaineann leis an gcineál eintitis nó leis an tionscal



FORFHEIDHMIÚ

Caibidil 6: Forfheidhmiú



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Forfheidhmithe:

- imscrúduithe a dhéanamh ar neamhrialtachtaí a bhfuil amhras fúthu maidir leis an iniúchóireacht ar ELPanna
- fiosrúcháin a dhéanamh ar shárúithe a rinne CCFanna ar nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta, agus ar chomhlíonadh na CCAnna ar a bhfeidhmeanna i leith iniúcháirí reachtúla
- pionóis a riar a eascraíonn as imscrúduithe rialála

2. Forbairtí suntasacha

Bhí an deis ann in 2022 tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a rialacháin maidir le fiosrúcháin faoi alt 933 agus imscrúduithe faoi alt 934 a dhéanamh, agus leanúint á gcur chun feidhme. Leis na rialacháin sin, is féidir leis an Údarás cur chuige atá faoi stiúir an fheidhmeannais a ghlacadh i leith na céime tosaigh fiosrúcháin agus imscrúdaithe, agus is léir ó líon na gcásanna a osclaíodh agus a dúnadh i rith 2022 go bhfuil feabhas tagtha ar éifeachtúlacht an phróisis forfheidhmithe fhoriomlán. Dúnadh líon nach beag de na cásanna sin gan aon ghá a bheith le himscrúdú foirmiúil ná fiosrúchán foirmiúil.

I rith na bliana, chuaigh an tÚdarás i mbun [comhaontú socraíochta](#) amháin a bhain le fiosrúchán faoi alt 933. Sheol an tÚdarás dhá imscrúdú faoi alt 934. Bhí roinnt imscrúduithe eile faoi alt 934 fós ar bun ag deireadh na bliana. Lean an tÚdarás leis an bhforbairt ar a phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha chun tacú leis an mbeartas forfheidhmithe nua faoi stiúir an fheidhmeannais.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rannchuidigh Abhcóide Sinsearach Forfheidhmithe an Údaráis leis an obair a dhéanann CCEFI trí bhallraíocht sa Mheitheal Forfheidhmithe agus i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR. Rinne an tAbhcóide Forfheidhmithe Sinsearach cur i láthair agus cathaoirleacht ar cheardlanna forfheidhmithe le haghaidh CCEFI agus IFIAR.

Chomh maith leis sin, rannchuidigh ÚMICÉ le hobair Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí (GADC) (an comhlacht comhairleach neamhspleách don Roinn maidir le hábhair a bhaineann le dlí na gcuideachtaí) trí chomhaltas Abhcóide Forfheidhmithe Sinsearach ÚMICÉ.

Fiosrúchán faoi Alt 933

D'fhoilsigh an tÚdarás sonraí faoi chomhaontú socraíochta a rinne sé le CCF. Bhain samplaí de na hábhair atá sa chomhaontú socraíochta le:

- mainneachtain gearán a fhiosrú de réir fhodhlíthe CCFanna.
- Ar thrí ócáid ar leith, thug an gearánaí eolas faoin gcomhalta nár ghníomhaigh an CCF ina leith. Mar thoradh ar mhainneachtain an CCF cloí lena nósanna imeachta féin, bhí an comhalta in ann éirí as agus dá bhrí sin ní fhéadfaí tabhairt faoi imscrúdú.

Rinne an CCF admháil nár fhiosraigh sé ábhar de réir a Fhodhlíthe agus gearradh pionós air dá réir. I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar na pionóis a bhí ar fáil faoin dlí, treoir pionós an Údaráis féin, cháin an tÚdarás an CCF agus éilíodh ar an CCF €15,000 a íoc.

Mar gheall ar an gcomhaontú socraíochta seachnaíodh costais bhreise agus ualach riaracháin eile de bharr fiosrúchán leathnaithe, i gcás an Údaráis agus CCF araon.

D'fhág an próiseas socraíochta sin go raibh bealach ag an Údarás agus CCF araon chun an t-ábhar a réiteach go luath. Is bealach é an luathshocrú chun úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní an Údaráis, teacht ar réiteach tráthúil agus trédhearcacht a chinntiú trí shonraí an cháis a fhoilsiú. Léirigh an comhaontú socraíochta gur neamhréireacht thromchúiseach nós imeachta é neamh-chomhlíontacht leis na Fodhlíthe agus gur baineadh an bonn de mhuinín an phobail as próiseas araíonachta an CCF sin.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Tugann ÚMICÉ faoi imscrúduithe ar scáileán, agus úsáideann sé cur chuige gan pháipéar den chuid is mó. Déantar aon chomhaontú socraíochta go fóiríil. Déantar plé idirnáisiúnta go cianda go hiondúil, agus ní thugtar faoi thaisteal seachas nuair is gá.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Imscrúdú agus Fiosrúchán	→ Dréachtaíodh nósanna imeachta socraíochta agus cuireadh chun feidhme iad → Cuireadh imscrúduithe agus fiosrúcháin chun cinn → Baineadh amach torthaí cuí arna bhfianú ag na comhaontuithe socraíochta → Foilsíodh torthaí i gcomhréir le beartais → Ní sheoltar an comhfhreagras ar fad ach i bhformáid leictreonach nuair is féidir, rud a laghdaíonn an gá le líon mór cáipéisí a chur i gcló
Éisteacht a fháil	→ Glacadh páirt i bhFoghrúpa Forfheidhmithe CCEFI, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla agus cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú foghrúpa → Glacadh páirt ghníomhach i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR agus rinneadh cathaoirleacht ar chomhdhálacha idirnáisiúnta → Ghlac sé páirt i gcruinnithe comhcheime le geallsealbhóirí



SEIRBHÍŚÍ CORPARÁIDEACHA

Caibidil 7: Seirbhísí Corparáideacha



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha:

- tacaíocht ó thaobh seirbhísí corparáideacha a sholáthar do ÚMICÉ, lena n-áirítear seirbhísí airgeadas, seirbhísí acmhainní daonna, seirbhísí TFC agus bainistíocht saoráidí
- rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe de chuid an bhoird
- maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca do ÚMICÉ

2. Forbairtí suntasacha

Lean an t-aonad ag comhlíonadh a spriocdhátaí reachtúla agus iad siúd a ordaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i gcaitheamh na bliana. Tá sonraí breise ina leith sin in áit eile sa tuarascáil seo, go háirithe sa chuid a bhaineann le Rialachas agus Struchtúr agus na ráitis airgeadais reachtúla. De réir mar a bhí an bhliain á caitheamh, bhí na héilimh ar an aonad ag fás mar gheall ar an bhfilleadh ar an ngnáthobair de réir a chéile agus an tús a cuireadh an athuair le himeachtaí corparáideacha agus taisteal idirnáisiúnta.

Lean ÚMICÉ ar aghaidh leis an gcianobair ar feadh na bliana go léir agus chinntigh an t-aonad go raibh na seirbhísí tacaíochta, a bhain go príomha le TFC, ag feidhmiú go héifeachtach stuama sna cúinsí sin. Lean an tÚdarás lena infheistíocht in TFC, uasghrádú suntasach ar an bhfreastalaí ina measc. Rinneadh é sin gan aon chaillteanas seirbhíse, agus thug an t-aonad faoi thástáil rathúil ar athshlánú inmheánach ó thubaiste i ndiaidh an ascnaimh. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an t-aonad beartas oibre cumaisc agus nós imeachta do mheasúnú riosca ar shuíomh oibre malartaí de chuid ÚMICÉ, agus chuir i bhfeidhm iad. Aithníonn an beartas gurb iad foireann ÚMICÉ a phríomhacmhainn, agus éiteas simplí gur cheart don fhoireann oibriú ón áit is éifeachtaí dóibh siúd agus dá bhfoireann.

Sa bhliain seo faoi athbhreithniú, tugadh isteach beartas neamhspleáchais na foirne agus próiseas dearbhaithe. Leagtar amach sa bheartas, a chuir an cleachtas a bhí i bhfeidhm cheana féin ar bhonn foirmiúil, cur chuige ÚMICÉ i leith neamhspleáchas ÚMICÉ a chosaint agus a chinntiú go bhfuil an tÚdarás féin agus a fhoireann cosanta ar líomhaintí faoi chlaonadh, go bhfuil luach neamhspleáchais an Údaráis i bhfeidhm, agus go gcomhlíontar na ceanglais dlí ábhartha chun fanacht neamhspleách ar eintitis rialáilte.

I ndiaidh próiseas tairisceana, shuiteáil ÚMICÉ pacáiste cuntas saincheaptha, agus cuireadh tús le rith comhuaineach an 1 Samhain 2022. Ullmhófar ráitis airgeadais reachtúla 2023 ÚMICÉ agus an tuairisciú airgeadais leanúnach leis na bogearraí nua sin. Anuas air sin, déanfaidh na bogearraí cuíchóiriú ar go leor de na próis faofa ar theastaigh ceadú daonna uathu roimhe seo.

Suíomh gréasáin

D'athsheol ÚMICÉ a shuíomh gréasáin in 2022, i ndiaidh próiseas leathan comhairliúcháin ar a chuspóir. Is beag cosúlacht atá idir an suíomh nua agus an suíomh a bhíodh ann, a dearadh roinnt mhaith blianta ó shin. Tá leagan amach comhaimseartha ag an suíomh nua, agus dearadh é chun freastal ar riachtanais raon leathan úsáideoirí an Údaráis. Ón taobh inmheánach de, tá sé i bhfad níos éasca é a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá an suíomh gréasáin ina chuid de straitéis cumarsáide ar líne ÚMICÉ.

Ar aon dul leis an tionscadal sin, d'fhorbair an t-aonad a réimse féin ar líne do chomhaltaí boird chun páipéir an bhoird a stóráil agus a scaipeadh. Dhear an fhoireann seirbhísí corparáideacha an tairseach nua, agus tugtar rochtain shlán do na stiúthóirí ar pháipéir an bhoird atá i bhfeidhm faoi láthair agus a bhíodh i bhfeidhm. Tógadh an tairseach le SharePoint ó Microsoft, agus anois is féidir leis na stiúthóirí teacht ar ríomhphoist, páipéir agus cruinnithe cianda (nuair is gá) le logáil isteach amháin lena mbaineann fíorú ilfhachtóir.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Ghlac ÚMICÉ le hinbhuanaitheacht go fonnmarh trína chleachtais oibre sholúbtha agus a chur chuige hibríde i leith cigireachta agus cuairteanna maoirseachta. I gcomhar lena pháirtithe leasmhara, shainaithin an tÚdarás réitigh theicneolaíochta a chuir deireadh le taisteal nach mbíonn gá leis agus a chuir ar chumas na foirne oibriú ó shuíomhanna éagsúla agus iad ag tabhairt faoina ról. Glacann ÚMICÉ beartas cianfhreastail ag gach cruinniú idirnáisiúnta más féidir, seachas má éilíonn spriocanna an Údaráis go mb'fhéarr i bhfad freastal ar an gcruinniú go fisiciúil. Is eagraíocht gan pháipéar é an tÚdarás anois a bheag nó a mhór, agus úsáidtear ríomhairí glúine ar a bhfuil scáileán tadhaill chun teacht ar bhonneagar TFC láidir agus slán.

Ghlac ÚMICÉ treochlár chun na spriocanna a leagtar amach i Sainordú na hEanála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach, agus tá an tÚdarás muiníneach go gcomhlíonadh, mura sáraíonn sé, na spriocanna sin trí bhearta mar atá thuasluaite, agus athbhreithniú mionsonraithe ar a riachtanais cóiríochta sa mheántearma. Cúitíonn ÚMICÉ a astaíochtaí carbóin a bhaineann le heitiltí trí íocaíocht leis an gCiste náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Scaipeadh an dea-chleachtais	➔ D'fhorhmeas an bord an Tuarascáil Bhliantúil Reachtúil ➔ Cuireadh tuarascálacha faoi shainordú ar fáil don Aire agus iad ag cloí le sprioc-amanna reachtúla ➔ Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn foirmiúil beartas neamhspleáchais fostaí
Úsáid éifeachtúil ár n-acmhainní airgeadais a áirithiú	➔ Ghlac an bord an Clár Caiteachais (an buiséad) agus d'fhorhmeas an tAire é ➔ Bhí toradh rathúil ar athbhreithniú a rinne iniúcháirí inmheánacha agus iniúcháirí seachtracha ar chórais rialaithe inmheánaigh
Éisteacht a fháil	➔ Gníomhaíodh mar an bpríomhphointe teagmhála le hiriseoirí agus le hionadaithe poiblí ➔ Leanadh den chaidreamh láidir, éifeachtach le haonad idirchaidrimh na Roinne
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	➔ Rinneadh cothabháil leanúnach ar an mbonneagar TFC agus ar an tsamhail chianoibre agus rinneadh infheistíocht leanúnach iontu ➔ Suiteáladh pacáiste cuntas saincheaptha agus ascaíodh chuige ➔ Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm beartas oibre cumaisc agus measúnú riosca ar shuíomh oibre malartaí lena mbaineann
Nuálaíocht	➔ Athdhearadh agus athsheoladh suíomh gréasáin ÚMICÉ ➔ Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm cur chuige nua i leith rochtain na stiúrthóirí ar ábhar an bhoird



FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Caibidil 8: Forbairt Eagraíochtúil



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid um Fhorbairt Eagraíochtúil:

- tionscnaimh a fhorbairt, agus tacú leo, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht na heagraíochta
- láithreacht meán sóisialta a bhainistiú do ÚMICÉ
- tacú le cultúr nuálaíochta in ÚMICÉ
- tacú le coistí foirne ÚMICÉ maidir le smaointe a fhorbairt go dtí go gcuirfear chun feidhme iad

2. Forbairtí suntasacha

I measc na bpríomhthionscadal feabhsúcháin agus nuálaíochta ar leanadh leo i rith 2022, bhí athdhearadh shuíomh gréasáin ÚMICÉ chun freastal níos fearr ar riachtanais na n-úsáideoirí, bunú foirne foilseachán chun moltaí a thabhairt maidir le foilseacháin ÚMICÉ a fheabhsú, agus athbhreithniú ar phróisis ÚMICÉ i maoirseacht tuairiscithe airgeadais agus i bhforfheidhmiú.

Sa réimse foghlama agus forbartha, thugamar faoi threoirthionscadal ar chóras bainistíochta foghlama le haghaidh riachtanais shonracha foghlama ÚMICÉ i rith 2022, agus chuireamar clár foghlama i bhfeidhm freisin le haghaidh bainisteoirí daoine.

Leanadh lenár gcuid luachanna eagraíochtúla comhroinnte agus ár gcróí-iompair a leabú inár bpróisis in 2022, ina measc inár gcóras leagan síos spriocanna agus forbartha pearsanta. D'fhoilsíomar sraith póstaer inti 'Living our Values' freisin chun aitheantas a thabhairt do léiriú ár gcróiluchanna agus ár gcróí-iompair i measc ár ndaoine ina n-obair laethúil.

Ag léiriú thiomantas ÚMICÉ don fholláine, chuireamar i bhfeidhm straitéis folláine ina gcuirtear san áireamh comhthéacs agus saintréithe oibre sonracha ÚMICÉ. Is é ár n-uailmhian folláine folláine mhuintir ÚMICÉ a chur chun cinn agus a chosaint. Léirítear comhtháthú fholláine na bhfostaithe inár gcuid chuige bainistíochta agus inár gcleachtais laethúla.

Leathnaíodh láithreacht meán sóisialta an Údaráis ar LinkedIn agus YouTube i rith 2022, chomh maith le raon na bhformáidí a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara. Sheol ÚMICÉ sraith físeáin ghearra faoi 'What IAASA does' chun feachtas a chur chun cinn agus tuiscint an phobail ar ról ÚMICÉ a fheabhsú.

Eisíodh cúig nuachtlitir forbartha eagraíochtúla don fhoireann i rith 2022, inar soláthraíodh eolas faoi uirlisí nuálaíochta agus réitigh fadhbanna, agus bhain gach foireann triail as teicnící nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán reatha. Ina theannta sin, d'fhreastail baill foirne de chuid an Údaráis go rialta ar an gclár imeachtaí ar líne a d'eagraigh foireann nuálaíochta seirbhíse poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Fís agus misean ÚMICÉ

D'aontaigh bord ÚMICÉ fís agus misean nua do ÚMICÉ i rith 2022. Chuimsigh an próiseas forbartha athbhreithniú ar raon leathan físeanna agus misean i bpiareagraíochtaí, ceardlanna fostaithe, anailís na foirne ceannaireachta agus comhairliúcháin leis an mbord.

Is é fís ÚMICÉ (an todhchaí atá sé ag iarraidh a bhaint amach): muinín agus iontaobh an phobail as iniúchóireacht agus cuntasaíocht ar ardchaighdeán. Is é a mhisean (an méid a dhéanann ÚMICÉ chun oibriú i dtreo na físe sin): tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach a chothú.

Leagtar amach san fhís agus sa mhisean nua treo soiléir do ÚMICÉ agus é ag tabhairt faoina shainchúram reachtúil. Tugann sé léargas soiléir freisin do na páirtithe leasmhara ar chuspóir an Údaráis.

I rith na bliana, agus ar aon dul le forbairt na físe agus an mhís nua, chuir ÚMICÉ clár oibre trí bliana nua i gcrích freisin i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí.

3. Aird ar an inbhuanaitheacht

Thug coiste saoráidí agus comhshaoil ÚMICÉ faoi roinnt tionscnamh i rith na bliana chun tionchar comhshaoil ÚMICÉ a laghdú agus cuir chuig inbhuanaithe a chur chun cinn. Áiríodh leo sin tionscnaimh a bhain le níos lú ábhar a chur i gcló, éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, soláthar plandaí oifige, athchúrsáil fheabhsaithe, chomh maith le feachtas 'Reduce your Use' ó SEAI a chur chun cinn.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Éisteacht a fháil	→ Seoladh sraith míniúcháin ar 'What IAASA does' → Cothaíodh láithreacht ghníomhach ar LinkedIn agus YouTube do ÚMICÉ → Bunaíodh foireann foilseachán chun cabhrú le foilseacháin ÚMICÉ a fheabhsú
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	→ Forbraíodh fíis agus misean nua ÚMICÉ → Cuireadh straitéisí folláine fostaithe i bhfeidhm → Forbraíodh clár foghlama do bhainisteoirí daoine → Coinníodh ar bun inlíon foirne agus líonra sóisialta ar líne → Leabaíodh ár gcroíluachanna agus ár gcroí-iompair i bpróisis na heagraíochta
Nuálaíocht	→ Rinneadh treoirthionscadal do chóras bainistíochta foghlama → Foilsíodh cúig nuachtlitir forbartha eagraíochtúla inar díriodh aird ar uirlisí úsáideacha nuálaíochta agus inar tugadh an t-eolas is deireanaí faoi ghníomhaíochtaí sainspéise eile → Tacaíodh le raon tionscnamh de chuid an choiste foirne ar fholláine, an clár oibre glas agus feabhsúcháin ar fhoilseacháin



RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Struchtúr dlí

Is cuideachta faoi theorainn rátháíochta é ÚMICÉ ag a raibh na 10 gcomhalta seo a leanas an 31 Nollaig 2022:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte*
- Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta*
- Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta*
- Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta*
- Banc Ceannais na hÉireann
- An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn*
- Stocmhalartán na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim

* CCF

Struchtúr eagraíochtúil

Forléargas

Faoi dheireadh na bliana, 30 ball foirne a bhí ag ÚMICÉ (2021: 32), agus iad roinnte ina seacht n-aonad mar seo a leanas:

- **An tAonad Cáilíochta Iniúcháireachta** a dhéanann cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna;
- **An tAonad Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais** a dhéanann scrúdú ar thuarascálacha airgeadais eintiteas ar leith le fáil amach an bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat ábhartha tuairiscithe airgeadais;
- **An tAonad Maoirseachta ar Rialáil agus ar Fhaireachán** a dhéanann maoirseacht ar rialáil CCFanna ar a gcomhaltaí;
- **An tAonad Caighdeán agus Beartas** atá freagrach as caighdeán agus treoir maidir leis an iniúcháireacht a ghlacadh in Éirinn;
- **An tAonad Forbartha Eagraíochtúla** a mhaoirsionn cur i bhfeidhm na dtionscadal nuálaíochta faoi stiúir na foirne, a thacaíonn le coistí éagsúla an Údaráis a stiúir an

fhoireann, agus a bhainistíonn láithreach inmheánach cumarsáide agus meán sóisialta ÚMICÉ;

- **An tAonad um Fhorfheidhmiú** a thugann faoi imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla an Údaráis; agus
- **Aonad na Seirbhísí Corparáideacha** a sholáthraíonn tacaíocht bainistíochta do ÚMICÉ maidir le cúrsaí airgeadais, riaracháin, acmhainní daonna, TFC agus saoráidí, mar aon le rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe dá chuid.

Líon formheasta na mball foirne


Is é ÚMICÉ a chinneann líon, gráid, agus téarmaí agus coinníollacha fhoireann ÚMICÉ le formheas an Aire, rud a thugtar le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fágann sin gur gá formheas a fháil roimh ré ón mbeirt Airí chun aon leasuithe a dhéanamh ar líon foirne formheasta ÚMICÉ. Leagtar amach thíos líon foirne formheasta ÚMICÉ i ndeireadh na bliana, agus a líon foirne iarbhír.

Líonta foirne formheasta agus líon iarbhír i ndeireadh na bliana

Grád	Formheasta	Iarbhír
An Príomhfheidhmeannach	1	1
Cinn Feidhme	5	3
Bainisteoirí Sinsearach	6	6
Cigirí agus Bainisteoirí Tionscadail	11	9
Lucht Feidhmiúcháin agus Riaracháin	16	11
Iomlán	39	30

Cairt eagraíochta

Bhí struchtúr eagraíochtúil ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2022 mar a leagtar amach sa chairt eagraíochta thíos.



Forléargas ar chúrsaí airgeadais

Den chuid is mó, maoinítear ÚMICÉ trí dheontas ón Státchiste, tobhach reachtúil ar na CCFanna, tobhach reachtúil ar ghnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna, agus trí tháillí a ghearradh as seirbhísí clárúcháin. Déantar na foinsí cistiúcháin uile a rialú le forálacha an Achta. Ina cháil mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, tugann ÚMICÉ ráitis airgeadais ar aird i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu dá réir agus taisceann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí iad.

B'ionann an caiteachas iomlán in 2022 agus €4.3m (2021: €4.4m) ó bhuiséad €5.6m (2021: €6.0m). Ba iad na príomhathruithe i gcomparáid leis an mbuiséad:

- gannchaiteachas mór ar chostais taistil agus chothaithe agus ar chaiteachas oifige mar gheall ar thionchar COVID-19; agus
- coigilteas i gcomhairleoireacht, ar suim theagmhasach é go príomha chun gur féidir leis an Údarás íoc as imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla más gá.

Rialachas

An bord stiúrthóirí

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire iad ar bhonn ainmniúcháin ó na heintitis sin a leagtar amach thíos. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord.

An bord stiúrthóirí – comhlachtaí ainmniúcháin

Comhlacht ainmniúcháin	Ainmnithe
An tAire	2
CCFanna (i gcomhpháirt le chéile ar bhonn comhaontú)	2
Banc Ceannais na hÉireann	1
An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach	1
Stocmhalartán na hÉireann	1
Na Coimisinéirí Ioncaim	1
Iomlán	8

Triúr den ochtar stiúrthóirí sin ar a mhéad a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí de CCF.

Beathaisnéisí na stiúrthóirí



Tá taithí ar feadh an tsaoil ar chúrsaí rialála agus gnó ag **Martin Sisk, an Cathaoirleach**. Is aturnae cáilithe é agus chuir sé tús lena ghairm bheatha in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, d'fhóin sé mar Chláraitheoir na gCara-Chumann 1985–2003, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa 2003–2006, Leas-

Cheann na gCód Cosanta Tomhaltóirí 2007–2008 agus Ceann an Aonaid um Fhrithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Smachtbhannaí Airgeadais de chuid an Bhainc Ceannais 2008–2010. Chuaigh sé ar scor ón mBanc Ceannais i mí Iúil 2010. Toghadh Martin chuig bord Chomhar Creidmheasa Mhullach Íde agus na Dúiche i mí na Nollag 2010 agus is Stiúrthóir é go fóill. D'fhóin sé mar choimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2017 i leith, agus mar chomhalta boird de Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ó 2021. Is iarchomhalta boird (2011–2021) de chuid Chomharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn é Martin agus bhí sé ina leas-uachtarán air (2011–2013) agus ina uachtarán air (2013–2015), ba stiúrthóir agus cathaoirleach ar VHI Healthcare (2012–2015) é, agus ba chomhalta boird é de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (2015–2020).



Tháinig **Kevin Prendergast, an Príomhfheidhmeannach**, ag obair le ÚMICÉ i mí na Samhna 2016 tar éis a bheith ina Cheann Forfheidhmiúcháin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Bhí sé fostaithe ag an Údarás sin ó 2005. Roimhe sin, bhí sé ag obair i Rannán na gCásanna Móra de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá taithí roinnt blianta aige san earnáil phríobháideach freisin lena n-áirítear roinnt blianta a chaith sé ag obair i ngnólacht iniúcháireachta. Is Comhalta é Kevin de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá Céim Baitsiléara agus Máistreacht aige sa Chuntasaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Máistreacht san Eolaíocht aige freisin sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh.



Is Príomhdhlíodóir í **Sandra Davey** i Rannóg Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim, a stiúirann an Fhoireann Cánacha Indíreacha agus an Oifig Roinne. Tá Máistir Dlíthe (LLM) ag Sandra i gCoireolaíocht agus Ceartas Coiriúil ó Scoil Eacnamaíochta London chomh maith le Baitsiléir Dlíthe (LLB) agus Baitsiléir sa Dlí Corparáideach ó

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cháiligh Sandra mar Aturnae in 2010 agus i ndiaidh di dul faoi oiliúint in obair cosanta coiriúla, d'oibrigh sí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit sular thosaigh sí ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2012.



Bord an Údarás



Is Léachtóir le Cuntasaíocht í **Clodagh Hegarty** agus is Stiúrthóir Cúrsa í i Scoil Ghnó Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aodha, áit a mbíonn sí ag tabhairt léachtaí go fairsing faoin tuairisciú iniúchóireachta agus airgeadais. Tá Baitsiléir Tráchtála aici ó Ollscoil na Gaillimhe agus Máistreacht Ealaíon sa Chuntasaíocht ó Ollscoil

Uladh. Tá sí i mbun taighde faoi láthair ar nuálaíocht seirbhíse i gcleachtais chuntasaíochta bheaga agus mheánmhéide mar chuid dá PhD in Ollscoil Uladh. Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í agus is Comhairleoir Cánach Cairte í. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Choiste CCDC in Éirinn. Sula ndeachaigh sí leis an saol acadúil, chaith Clodagh 15 bliana ag obair sa chleachtas le EY, Baile Átha Cliath agus sa chleachtadh ginearálta in North West.



Is abhcóide é **David Hegarty** agus tá sé ina Stiúrthóir Dlí & Beartas san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Glaodh chuig an mBarra é in 2006, agus é ag cleachtadh go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus an dlí riaracháin. Sula ndeachaigh sé ag obair le ÚFC, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach

in Oifig an Chomhairleora Dlí Pharlaimintigh mar ar chuir sé comhairle ar Choimisiún agus Seirbhís Thithe an Oireachtais

agus ar choistí parlaiminteacha ar ábhair a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, an dlí parlaiminteach agus an dlí riaracháin. Bhíodh sé ag obair freisin mar oifigeach dlí i Misean an Aontais Eorpaigh um Rialail an Dlí sa Chosaiv (EULEX) agus ag an mBinse Speisialta don Liobáin sa Háig, agus é ag obair i nDlísheomraí Breithiúna le breithiúna ó thíortha éagsúla agus coireacht eacnamaíoch, éilliú, mí-úsáid oifige poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun cásanna sceimhlitheoireachta a chur i gcrích á n-éisteacht acu.



Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin lánaimseartha neamhspleách í **Aisling Kennedy**, a fhónann ar bhord eintiteas seirbhíse airgeadais rialáilte in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta ag Athora Ireland plc agus State Street Fund Services (Ireland) Ltd, agus ina cathaoirleach ar ECCU Assurance DAC agus MABS

Support CLG. Roimh mhí an Mhárta 2020, d'oibrigh sí ag Swiss Re mar Cheann Praghsála – Saol agus Sláinte – an Ríocht Aontaithe, Éire agus Iosrael. I measc na ról eile a bhí aici roimhe seo tá: Stiúrthóir Cliant ag Mercer, Éire, Stiúrthóir ar Ghnóthaí Gairmiúla ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn agus Stiúrthóir um Fhorbairt Gnó le VHI. Is Comhalta agus iar-Chomhalta Comhairle de Chumann na nAchtúirí in Éirinn í Aisling agus is Cleamhnaí í de chuid Ghairm na hAchtúireachta, an Ríocht Aontaithe.



Is í **Aisling McArdle** an Ceann Grúpa Iontrálacha ag Euronext agus tá sí freagrach as iontráil ar liostáil agus trádáil ionstraimí airgeadais ar mhargai Euronext le haghaidh aicmí sócmhainní Cothromais, Fiachais agus Cistí. Is comhalta í freisin d'fhoireann rialála dhomhanda Euronext ag a bhfuil freagrachtaí rialála le haghaidh Euronext Dublin.

Chuaigh sí isteach i Stocmhalartán na hÉireann in 2002 agus bhí ról rialála éagsúla aici laistigh den chuideachta. Thosaigh sí mar Cheann Iontrálacha i mí Eanáir 2021, i ndiaidh di ról an Chinn Rialála a bheith aici i mBaile Átha Cliath agus i Londain. Stiúran Aisling foireann mhór ildlínse, agus tá sí freagrach as an rannpháirtíocht rialála le heistitheoirí agus rannpháirtithe margaidh. Glacann sí páirt sa Líonra Eorpach um Rialachas Corparáideach agus is Ceadúnach í de chuid Chumann na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn.



D'oibrigh **Eida Mullins** sna seirbhísí airgeadais ar feadh breis agus 25 bliain, idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Ina ról reatha ag Banc Ceannais na hÉireann, tá sí ina Ceann Feidhme: Beartas Baincéireachta, Infheistíochta agus Gnólachtaí Íocaíochta sa Stiúrtóireacht Rialála, Beartais agus Riosca Airgeadais.

Bhí ról rialála stuamachta éagsúla aici roimh sin sa Bhanc Ceannais mar Cheann Feidhme: Rannóg Cigireachtaí agus Ceann Feidhme: Rannóg Riosca Airgeadais sa Stiúrtóireacht Anailísíochta agus Cigireachtaí Stuamachta. Tá go leor taithí beartas aici, go háirithe sa Sásra Maoirseachta Aonair/BCE, áit a raibh sí ina Ceann ar Bheartas Maoirseachta na hEorpa. I rith Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle na mBallstát in 2013, ba í an príomh-shaineolaí í a chuir comhairle ar an Roinn Airgeadais maidir leis an gcaibidlíocht a bhain leis an Treoir agus Rialachán um Cheanglais Chaipitil. Bhí sí ina comhalta de choistí Eorpacha/idirnáisiúnta éagsúla, ina measc dhá Bhuanchoiste den Údarás Baincéireachta Eorpach (EBA) agus Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hÍocaíochtaí agus Árachas Baincéireachta. Áiríodh le hobair Eida san earnáil phríobháideach iniúchóir/scrúdaitheoir in Airgeadas Tráchtála Bhanc na hÉireann agus bainisteoir san Aonad Seirbhísí Comhairleacha Rialála in KPMG. Tá Dioplóma i Staidéar Gnó (Baincéireacht agus Airgeadas) aici ó UCD agus Máistreacht i Staidéar Gnó (Seirbhísí Airgeadais) ó Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit.



Is Cuntasóir Cairte é **Ronan Nolan** agus bhí sé ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann in 2014/2015. Scoir sé mar pháirtí in Deloitte i mí na Bealtaine 2015 tar éis dó a bheith ina pháirtí comhairleach sinsearach agus ina chathaoiríoch ar an ngnólacht.

Leagtar amach in Aguisín I comhdhéanamh an bhoird i ndeireadh na bliana agus athruithe i measc na stiúrtóirí ón uair a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil deiridh.

Nósanna imeachta an bhoird

Tionólaí an bord cruinnithe rialta agus is féidir leis cruinnithe neamhsceidealaithe a thionól más gá sin. Faigheann comhaltaí an bhoird faisnéis sách luath roimh na cruinnithe sin chun gur féidir leo í a mheas agus a thuiscint i gceart.

Tá sceideal ábhar curtha i bhfeidhm ag an mbord, rud atá forchoimeáda go sonrach dó chun críche cinnteoireachta, lena gcumhdaítear na príomhréimsí rialachais, airgeadais, riosca agus formhaoirseachta. Tá ábhair áirithe tarmilgthe chuig coistí boird, mar a leagtar amach anseo a leanas. Tá córas curtha i bhfeidhm ag an mbord freisin chun údarás a tharmligeann go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Ainmnítear comhaltaí an bhoird mar stiúrtóirí ar ÚMICÉ chun gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus chun gníomhú chun leas ÚMICÉ agus chun a leas a chosaint agus a chur chun cinn. Tugann na comhaltaí boird uile breithiúnas neamhspleách ar shaincheisteanna a ndéileálann an bord leo. Tá beartas foirmiúil i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear oibleagáidí agus ceanglais maidir le nochtadh lena ndearbhaítear nach nglacfaidh stiúrtóirí páirt in aon phléití ná cinnití i leith aon choinbhleachtaí den sórt sin.

Ráiteas rialachais

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 den Acht. Is é an bord atá freagrach as an dea-rialachas a áirithiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinnití straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomh-shaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a leagann an bord síos, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinnití a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrtóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir an bord agus feidhmeannas ÚMICÉ.

Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird sa sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear

- dearbhú coimhlíntí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;

- nithe atá le cinneadh ag an mbord;
- ábhair lena bplé;
- ábhair spéise thráthúla;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.

Cuirtear de cheangal ar an Údarás taifid airgeadais a choinneáil agus ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, mar a mhionsonraítear sna ráitis airgeadais.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhorghnó. Déanann an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhair agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú sceidealaithe. Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fórcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2022.

Ceapachán chuig an mbord

Feidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an Rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Ceapann an tAire comhaltaí (seachas an Príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhsí trí go cúig bliana. Sa ghnáthchúrsa, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Leagtar amach in Aguisín I comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2022, agus athruithe ón dáta sin i leith.

Rinne an bord meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht féin mar a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

Coistí boird

Forchoimeádann an bord chuige féin an chumhacht coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Faoi sceideal an bhoird um ábhair fhorchoimeáda, tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Ba é an coiste iniúcháireachta agus riosca an t-aon choiste a bhí ann in 2022.

An coiste iniúcháireachta agus riosca

Triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá ar an gcoiste iniúcháireachta agus riosca (CIR):

- Aisling McArdle, Uasal (Cathaoirleach)
- An tUasal David Hegarty
- An tUasal Ronan Nolan

Tá a théarmaí tagartha leagtha amach ina chairt, atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste, lena n-áirítear athbhreithniú ar thuairiscáil bhliantúil an Údaráis agus ar a ráitis airgeadais sula ndéanann an bord breithniú orthu. I measc na

ngníomhaíochtaí eile a rinne an coiste linn 2022 bhí an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2021, agus moladh dearfach a thabhairt don bhord;
- machnamh a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil le haghaidh 2023, agus a ghlacadh a mholadh don bhord;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phlean athshlánaithe ó thubaiste an Údaráis, a leasaíodh de bharr athbhreithniú iniúcháireachta inmheánach ar 2021;
- athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta fiosrúcháin agus imscrúdaithe ÚMICÉ faoi alt 933 agus 934, i ndiaidh leasuithe suntasacha in 2019/2020;
- maoirsiú ar an bpróiseas roghnaithe le haghaidh iniúcháirí inmheánacha don tréimhse 2023–2025; agus
- meastóireacht a chur i gcrích ar a fheidhmíocht féin.

Ina theannta sin, breithníonn an coiste an clár rioscaí iomlán ag gach cruinniú, agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an phríomhoifigigh riosca agus/nó an bhoird de réir mar is iomchuí.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Leagtar amach in Aguisín I mionsonraí i dtaobh athruithe i gcomhaltas an bhoird.

Nochtaí a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

- Leagtar amach i Nóta 14 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000;
- Leagtar amach i Nóta 16 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar thaisteal agus ar chothú;
- Leagtar amach i Nóta 17 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht;
- Níor thabhaigh an tÚdarás costais faoin gceannnteideal ‘Costais Dlí agus Socraíochtaí’ in 2022. Baineann na costais dlí go léir a tabhaíodh le comhairle dlí ghinearálta; agus
- Leagtar amach i Nóta 18 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

Ráiteas i dtaca le comhlíonadh

Is deimhin le ÚMICÉ gur chomhlíon sé ceanglais uile an Chóid, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

Oibleagáidí rialachais agus oibleagáidí eile atá ar an earnáil phoiblí

Oibleagáidí dlí agus rialachais atá ar chomhlacht arna bhunú faoi reacht

Is iad an Rúnaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, atá ina Phríomhoifigeach Riosca freisin, na príomhdhaoine a thugann cúnamh don bhord maidir le deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfaidh ÚMICÉ a oibleagáidí dlí agus rialachais. I gcás inarb infheidhme, rannchuidíonn comhaltaí eile d'fhoireann ÚMICÉ mar is gá le comhlíontacht leanúnach ÚMICÉ maidir lena oibleagáidí.

Príomhcheanglais dlí

Shainithin agus rinne an tÚdarás na bearta is gá lena áirithiú go bhfuil a oibleagáidí dlí á gcomhlíonadh aige. Tá a phríomhcheanglais dlí sainaitheanta aige mar a leanas:

- dlí na gcuideachtaí
- an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- an reachtaíocht fostaíochta agus reachtaíocht ghaolmhar
- an dlí cánach, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse áirithe ag a bhfuil deimhnithe imréitigh cánach bailí
- na hachtanna cosanta son raí
- acht na dteangacha oifigiúla
- an dlí maidir le heitic in oifigí poiblí agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

Maidir le ceanglais áirithe eile is infheidhme de ghnáth maidir le comhlachtaí reachtúla amhail na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Míchumas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo.

RGCS

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an Údarás a bhíonn ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibleagáidí leanúnacha faoi RGCS.

Nochtaí cosanta

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá mionsonraí ar a shuíomh gréasáin faoi conas nochtaí den sórt sin a dhéanamh. Áirítear tuairisceán bliantúil ÚMICÉ faoin Acht in Aguisín VI.

Cothromaíocht inscne i gcomhaltas an bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2022, cúigear (56%) ban agus ceathrar (44%) fear a bhí ar an mbord, agus ní raibh aon phost folamh. Mar sin chomhlíon an bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ar bhoird stáit.

I bhfianaise chineál reachtúil an phróisis ceapacháin, is teoranta an tionchar atá ag ÚMICÉ ar chothromaíocht inscne a chomhaltais. Is é an tAire a dhéanann formhór na gceapachán ar bhonn ainmniúcháin ó thríú páirtithe, agus níl rogha ag an Údarás ná ag an Aire maidir leis an gceist sin. De réir mar a thagann téarmaí stiúrthóirí chun deiridh, áfach, déanann ÚMICÉ aon scileanna nó taithí ar leith a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a mheas, agus díríonn sé aird an Aire orthu más ann dóibh. Chun cothromaíocht inscne a chothú ar an mbord, cuireann ÚMICÉ inscne san áireamh leis an méid sin.

Éagsúlacht

Rinne an bord saincheistanna leithne na héagsúlachta a mheas, lena n-áirítear an chothromaíocht inscne agus luach na difríochta a aithint, mar chuid dá phróiseas bliantúil meastóireachta. Meascán fairsing daoine atá ar an mbord, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, ón earnáil tionsclaíochta agus ón saol acadúil. Ar leibhéal eagraíochtúil, feidhmíonn na leibhéil uile faoi réir deighilt inscne 40%/60%, cé is moite de ghráid riaracháin inarb airde an sciar ban i láthair na huaire. I bhfianaise chineál an-speisialaithe a chuid oibre, is minic a fhéachann ÚMICÉ le daoine a earcú agus a choimeád ó chohórt beag gairmithe. D'ainneoin sin, tagann fostaithe ÚMICÉ ó réimse leathan cúlraí agus is iomaí náisiúntacht a bhíonn i gceist leo.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

D'fhorbair an tÚdarás plean chun a chinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais an Achte i dtéarmaí fógraíochta. Le héifeacht ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, déantar an fhógraíocht ábhartha ar fad i nGaeilge agus i mBéarla, rud a sháraíonn íoscheanglas 20% an Achte. Níor tháinig ach fógra amháin dá leithéid chun cinn i rith na tréimhse go deireadh na bliana.

Úsáid fuinnimh

Mar atá thuasluaite, maidir le ceanglais reachtúla áirithe is infheidhme de ghnáth do chomhlachtaí stáit, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo. Áirítear leo siúd ceanglais na hAchtanna um Fhuinneamh Inmharthana. Mar sin féin, roghnaigh ÚMICÉ tuairisciú ar a shonraí bainistíochta agus feidhmíochta fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gach bliain ó 2022.

Tá UM lonnaithe i suíomh oifige amháin, agus níl aon mhótarfeithicil ná réimse eile úsáide fuinnimh aige. Cuimsíonn ídiú an Údaráis:

- téamh spáis trí radaitheoirí a úsáideann gás nádúrtha, a rialaíonn an tiarna talún ar bhonn seirbhísí comhroinnte; agus
- aerchóiriú, uisce te, soilse agus trealamh oifige, a úsáideann leictreachas agus a rialaíonn an tÚdarás féin.

Léiríonn sonraí sealadacha 2022 gur mhéadaigh úsáid fuinnimh ÚMICÉ ón mbliain bhonnline (2009) 4%, d'ainneoin dubailt ar a mhéid cóiríochta agus méadú faoi thrí ar líon na foirne.

A large, stylized number '10' in a bold, dark blue font, centered within a white circle. The circle has a thick, light blue border. The background of the entire page is a dark blue gradient with several diagonal, curved bands of lighter blue and white, creating a dynamic, abstract design.

RÁITIS AIRGEADAIS
2022 AGUS
RÁITIS
GHAOLMHARA

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Réamhrá

Tá áthas ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, i dteannta thuarascáil na stiúrthóirí, a ullmhaíodh de bhun fhorálacha alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht 2014') a chur faoi bhráid an 17ú cruinniú ginearálta bliantúil d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('ÚMICÉ').

Príomhghníomhaíochtaí

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is é an comhlacht reachtúil neamhspleách in Éirinn é atá freagrach as:

- (a) imscrúdú agus forfheidhmiú ar thuairisciú airgeadais tréimhsiúil eintiteas liostaithe áirithe;
- (b) maoirseacht ar fheidhmeanna comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta i leith iniúcháirí reachtúla agus maoirsiú ar fheidhmeanna rialála na gcomhlachtaí cuntasóireachta forordaithe ('CCFanna');
- (c) glacadh caighdeán maidir le hiniúcháireacht, le heitic ghairmiúil agus le rialú cáilíochta inmheánach; agus
- (d) cigireacht agus cur chun cinn feabhsúchán ar cháilíocht iniúcháireachta na n-eintiteas leasa phoiblí.

Ainmníodh ÚMICÉ freisin mar an t-údarás inniúil le haghaidh clárú agus dearbhú cáilíochta iniúcháirí agus eintiteas iniúcháireachta tríú tír áirithe. Ní bhíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan.

Forléargas ar ghnó

